

Seirbhísí na Ranna Beartais

Is é atá i ranna beartais ná aonaid taighde a thugann tacaíocht do chomhlachtaí parlaiminteacha (an tUachtarán, coistí, agus an tArd-Rúnaí) le linn dóibh a gcúraimí reachtacha agus institiúideacha a chomhlíonadh. Soláthraíonn siad saineolas de chineál inmheánach agus de chineál seachtrach chun tacú leis na coistí agus le comhlachtaí parlaiminteacha eile le linn dóibh reachtaíocht a cheapadh agus grinnscrúdú daonlathach a fheidhmiú.

Chun forléargas a fháil ar na seirbhísí taighde uile a chuireann Parlaimint na hEorpa ar fáil, tabhair cuairt ar: <http://www.europarl.europa.eu/thinktank/en/sources.html>

Cad iad na tréithe a fhágann gurb aonaid uathúla iad ranna beartais?

- Tá siad tiomnaithe do sheirbhísí a sholáthar do choistí agus pléann siad le hiarrataí ar shaineolas ó na coistí.
- Oibríonn siad ar bhonn tosaíochtaí polaitiúla atá leagtha síos ag na coistí.
- Chomh maith le tacaíocht ó speisialtóirí inmheánacha a chur ar fáil, tairgeann siad rochtain ar shaineolaithe íoctha seachtracha freisin.

AN ROINN BEARTAIS UM NA BEARTAIS EACNAMAÍOCHTA, EOLAÍOCHTA AGUS CAIGHDEÁIN SAOIL

Soláthraíonn Roinn Beartais A saineolas ardchaighdeáin, anailís cothrom le dáta agus taighde neamhspleách do **na coistí a dtacaíonn sí leo: ECON, EMPL, ENVI, ITRE and IMCO.**

Is mar a leanas a thacaíonn Roinn Beartais A le Coistí:

1. **Coistí a chur i gceangal** le líonra forleathan saineolais sa réimse acadúil, i ngnólachtaí sainchomhairleoireachta speisialtóireachta, agus i meithleacha machnaimh, in institiúidí eile AE agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta;
2. Sainchomhairle bheartais agus taighde atá spriocdhírthe go cúramach **a sholáthar** ag aon phointe sa timthriall reachtach, ar comhairle í agus ar taighde é atá neamhspleách, lena mbaineann ardchaighdeán agus ina dtugtar aird ar íogaireachtaí polaitiúla; ag tacú leis an ról grinnscrúdúcháin atá ag coistí;
3. **Oiriúnú a dhéanamh ar thaighde coiste** chun tacú le rannpháirteachas eolasach idir saoránaigh AE agus na Feisirí; á chinntiú go ndéantar obair pharlaiminteach ar bhealach oibiachtúil agus gur saineolaithe a dhéanann í;
4. **Bainistíocht** a dhéanamh ar bhuiséid saineolais coistí, tionscadail a chur chun feidhme, saineolas seachtrach a úsáid chun ceanglais atá leagtha síos comhordaitheoirí Coiste a chomhlíonadh.

Soláthraíonn anailísithe agus taighdeoirí **inmheánacha** faisnéis *ad-hoc* agus anailís bheartais, mar fhreagra ar iarraidh shonrach nó as a stuaim féin agus tar éis dul i gcomhairle go pearsanta le Feisirí. Ina theannta sin, tacaíonn siad le hobair an Uachtaráin agus an Ard-Rúnaí i dtaca le seisiúin eolais agus faisnéis chúlra de.

Déantar saineolas **seachtrach** íoctha a sholáthar go heisiach ar iarraidh a fháil ón gcoiste, tar éis cinneadh a dhéanamh comhordaitheoirí an Choiste lena mbaineann. Déantar leithreasú buiséid a leithroinnt ar na coistí gach bliain chuige sin. Le linn dóibh a bheith obair le saineolaithe seachtracha, cinntíonn an roinn beartais go sroicheann an taighde na caighdeáin is airde agus is féidir i dtaca le neamhspleáchas agus cáilíocht de, agus go dtugann sé aghaidh ar riachtanais shonracha an choiste. Chuige sin, roghnaítear saineolaithe seachtracha trí nósanna imeachta fála atá bunaithe ar




chritéir oibiachtúla roghnúcháin agus dámhachtana. Is féidir leis an roinn beartais maoirseacht dhlúth a dhéanamh ar obair na saineolaithe ansin lena chinntiú go bhfuil an obair i gcomhréir go hiomlán leis an iarraidh ar thaighde.

Is iad seo a leanas na táirgí taighde is coitianta a sholáthraíonn Roinn Beartais A:

- **“Sracfhéachaint”:** páipéar taighde 2 leathanach ina soláthraítear achoimre ghonta ar bheartas ar leith, ar thogra le haghaidh reachtaíochta nó ar imeacht, lena n-áirítear faisnéis riachtanach ina bhfuil téacs agus grafaicí, móide naisc agus moltaí i leith tuilleadh ábhair léitheoireachta.
- **Faisnéisiú:** páipéar gonta taighde ina soláthraítear faisnéis chúlra maidir le hábhair atá sainithe go mion, ar faisnéis í ar féidir í a chur san áireamh, mar shampla, i ndruchtú tuarascála coiste.
- **Grinnanailís:** páipéar taighde meánfhaid ar páipéar é, de ghnáth, atá bainteach go díreach le togra le haghaidh reachtaíochta nó le tuarascáil féintionscnaimh atá ar na bacáin.
- **Staidéar:** páipéar taighde de chineál níos fadtéarmaí a gcuirtear scrúduithe comparáideacha ar fáil ann de ghnáth maidir le dlíthe nó beartais Ballstát nó tríú tíortha i réimsí nach bhfuil aon anailís den sórt seo ar fáil ina leith. D’fhéadfadh sé tarlú go mbainfear úsáid astu mar bhonn le haghaidh obair pharlaiminteach níos faide anonn nó le haghaidh taighde de chineál níos spriocdhírthe.
- **Ceardlann:** sainseisiún le grúpa saineolaithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist shonrach a ardaíonn an coiste. Tugann ceardlann saineolaithe neamhspleácha ar conradh as eagraíochtaí seachtracha, amhail ollscoileanna, le chéile agus ní gá go mbeadh sí ar oscailt do dhaoine den phobal.

CONAS A IARRTAR SAINEOLAS AR ROINN BEARTAIS A?



SÚIL A CHAITHEAMH AR CHOISTE EMPL

Laistigh de Roinn Beartais A, soláthraíonn [meitheal shonrach](#) saineolas agus comhairle **don Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (EMPL)** i réimsí uile de chuid chúraimí an choiste.

Is iad na príomhchúraimí atá ar Choiste EMPL ná beartais fostaíochta agus gach gné den bheartas sóisialta, de dhálaí oibre, de gairmoiliúint agus de shaorghluaiseacht oibrithe agus pinsinéirí. Tá cumhachtaí agus freagrachtaí Choiste EMPL liostaithe in [Iarscríbhinn V de Rialacha Nós Imeachta PE](#).

TEAGLAIM PÁIPÉAR TAIGHDE A D'IARR COISTE EMPL LE DÉANAÍ

Dálaí oibre - Fostaíocht neamhbhuan Pátrúin, treochtaí agus straitéisí beartais



Soláthraíonn an staidéar seo gur leis na cineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta (thart ar chion 40% d'fhostaithe) a ghabhann an riosca is mó ó thaobh neamhshláine de (bochtaineacht lucht oibre, seasmhacht fostaíochta, slándáil shóisialta, cearta saothair, strus agus leibhéil sláinte, oiliúint). Baineann sé seo le daoine óga go háirithe agus leis na hearnálacha agus leis na slite beatha seo a leanas: seirbhísí pearsanta, aíocht agus gairmeacha bunúsacha. Moltaí maidir le hathchóiriú beartais: athdhearadh a dhéanamh ar chórais náisiúnta leasa chun gaistí bochtaineachta a sheachaint; cur chun feidhme agus forfheidhmiú níos fearr i roinnt Ballstát ar threoracha AE atá ann cheana féin; faireachán a dhéanamh ar mhaoluithe ar chóir chomhionann a ndéileáiltear léi sa treoir maidir le hobair shealadach ghníomhaireachta agus maidir le cleachtais ar dá réir a roghnaítear gan bheith faoi réir na treorach maidir le ham oibre.




Dálaí oibre - Cosaint shóisialta oibríthe sa gheilleagar ardán



Mar thoradh ar theacht chun cinn an gheilleagair "ardán" tá aird tarraingthe ar an tsaincheist a bhaineann le cosaint shóisialta neamhdhóthanach d'oibríthe san earnáil sin. De réir an staidéir, ní féidir le suas go 70 faoin gcéad rochtain a fháil ar scéimeanna bunúsacha amhail scéimeanna a bhaineann le máithreachas agus sochair thithíochta. Áirítear an méid seo a leanas i measc na moltaí maidir le beartas: athchóiriú an dlí lena chinntiú go mbeidh cosaint shóisialta ann do gach oibrí neamhchaighdeánach, aisiompú a dhéanamh ar an dualgas cruthanais maidir le stádas fostaí, agus oiriúnú a dhéanamh ar na rialacha a bhaineann le hiomaíocht chun cómhargáil ag oibríthe féinfhostaithe (aonair) a chheadú.



Saorghluaiseacht - An tÚdarás Eorpach Saothair (ÚES)



Thacaigh an cheardlann le Coiste EMPL le linn a thuarascáil a ullmhú le haghaidh na gcaibidlíochtaí maidir leis na rialacháin don ghníomhaireacht nua Eorpach seo. Seo a leanas na príomhphointí a tháinig as an bplé: 1) Cigireachtaí trasteorann: Cé gur thuig roinnt daoine an gá le sainordú dlíthiúil níos láidre a thabhairt isteach, mhaígh roinnt eile go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach iontaoibh a chur ar bun trí bhíthin comhar deonach i measc na mBallstát. 2) Slándáil shóisialta a chomhordú: Slándáil shóisialta a chomhordú: I dtaca le cúrsaí slándála sóisialta de, léiríodh ábhar imní faoi shuaitheadh a dhéanamh ar na struchtúir agus ar na sásraí comhair atá ann cheana féin trí chuid de na nithe sin a chomhtháthú isteach in ÚES. 3) Tacú le soghluaisteach an lucht saothair (EURES) Dá n-aistreofaí an bhainistíocht ón gCoimisiún chuig ÚES d'fhéadfaí comhtháthú níos fearr a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de shoghluaisteach an lucht saothair, cé go mbeadh an comhordú níos casta dá bharr.



Uilechuimsitheacht Shóisialta - Scéimeanna maidir le hIoncam Íosta i mBallstáit AE



Le linn staidéir a bhí ann roimhe seo faoin ábhar céanna sna blianta 2007 agus 2011, d'aimsigh an staidéar seo leibhéal áirithe cóineasaithe sna bunchoincheapa, is é sin, athrú ó thacaíocht shimplí eacnamaíoch i dtreo bearta gníomhacha uilechuimsitheachta agus, ag an am céanna, cinneadh go bhfuil difríochtaí móra ann fós maidir le cur chun feidhme. I measc na moltaí áirítear feabhas a chur ar leordhóthanacht trí réasúnú a dhéanamh ar chaiteachas sóisialta, agus feabhas a chur ar an rochtain ar scéimeanna d'fhonn rannpháirtíocht sna scéimeanna ag na daoine go léir atá i ngátar a mhéadú. Ar leibhéal AE, d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh maidir le maoiniúchán trí CSE agus trí CCEDD agus d'fhéadfaí úsáid a bhaint as an Seimeastar Eorpach chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn.



Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair - Slis-Ionphlanduithe a úsáid le haghaidh Oibrithe



Forbraíodh é seo ar dtús i gcomhthéacs úsáidí leighis ach tá líon beag cuideachtaí tar éis slis-ionphlanduithe RFID do dhaoine a oiriúnú ar mhaithe le cúrsaí aitheantais agus ar mhaithe le rialú ar rochtain. Cé go bhfuil scéimeanna den sórt sin curtha i bhfeidhm ar bhonn deonach go dtí seo, tá ceisteanna ann dá mbarr maidir le cúrsaí sláinte agus Sábháilteachta (carcanaigineacht, tionchar cógaisíochta) agus, chomh maith leis sin, tá ceisteanna níos bunúsaí ná sin ann, amhail cosaint sonraí agus cearta oibrithe i ndáil le heitic san ionad oibre agus impleachtaí maidir le cearta an duine.



Ciste Sóisialta na hEorpa - Ceachtanna ó CSE le haghaidh CSE +



Ag an gceardlann, leag saineolaithe béim ar na ceachtanna seo a leanas le haghaidh rialú CSE+, atá á gcaibidliú faoi lathair: 1) Ionsú: Infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht riaracháin; gníomhaithe ar an leibhéal áitiúil a chumhachtú. 2) Taithí na dtairbhíthe: Leanúint d'athchóiriú éifeachtach a dhéanamh amhail tiomantas i leith fás uilechuimsitheach agus struchtúir níos simplí; méadú a dhéanamh ar fhothú acmhainneachta; rannpháirteachas méadaithe i measc gheallsealbhóirí CSE (nua). 3) Comhrac a dhéanamh in aghaidh na bochtaineachta i measc leanaí: Mar choinníoll cumasúcháin le haghaidh maoiniúchán CSE, béim ar leith a leagan ar bhochtaineacht i measc leanaí i gcreataí beartais straitéisigh náisiúnta i leith uilechuimsitheacht shóisialta agus laghdú bochtaineachta; i réigiúin ina bhfuil ardleibhéal bochtaineachta i measc leanaí - cuspóir sonrath straitéiseach agus sciar d'acmhainní CSE + (agus ERFD, b'fhéidir) le díriú ar leanaí bochta.



Teagmhálaithe Roinn Beartais A

- Roinn Beartais A - Beartais Eacnamaíochta, Eolaíochta agus Caighdeáin Saoil
ECON - EMPL - ENVI - ITRE - IMCO - poldep-economy-science@ep.europa.eu
- Meitheal EMPL: Stefan SCHULZ - stefan.schulz@europarl.europa.eu - 0032 228 46510
- Meitheal EMPL: Aoife KENNEDY - aofie.kennedy@europarl.europa.eu - 0032 228 30850
- Meitheal EMPL: Susanne KRAATZ - susanne.kraatz@europarl.europa.eu - 0032 228 34952

Tá ár gcuid páipéar taighde go léir ar fáil ar ár suíomh gréasáin.
<https://www.europarl.europa.eu/committees/en/empl/supporting-analyses.html>

Séanadh agus cóipcheart Is iad tuairimí na n-údar na tuairimí a nochtar sa doiciméad seo agus a dtuairimí sin amháin seo agus ní gá gur léiriú ar sheasamh oifigiúil Pharlaimint na hEorpa iad. Údaraitear atáirgeadh agus aistriú chun críocha neamhthráchtála, ar choinníoll go n-admhófar an fhoinsé, agus go dtabharfar fógra roimh ré do Pharlaimint na hEorpa agus go seolfar cóip chuici. © An tAontas Eorpach, 2019.

Lámhscríbhinn arna tabhairt chun críche: Bealtaine 2019; Dáta an fhoilseacháin: Meitheamh 2019
Riarthóir a bhí freagrach as: Aoife KENNEDY; Cúntóir Eagarthóireacha: Roberto BIANCHINI

IP/A/EMPL/2019-04

PRINT ISBN 978-92-846-5062-0 | doi: 10.2861/14559 | QA-03-19-501-GA-C
PDF ISBN 978-92-846-5098-9 | doi: 10.2861/41339 | QA-03-19-501-GA-N